



## Guidelines for Applying for Extension of Duration of Permission

- **Application form for Extension of Duration of Permission** available on our website.
- Statutory Fee payable €62 (Standard fee for all applications).
- Application should be made, **not earlier** than the **last year** of the life of the permission (but before it expires).
- You may apply on (1) **Substantially Complete** or (2) **Commercial, Economic or Technical** grounds where little or no works have been carried out.
- Applicants are advised to **consult with the Area Planner** prior to lodgement. (New issues may have arisen since the grant of permission, for example, changes in the Development Plan or Regional Planning Guidelines, whether an EIAR or AA (or both) if required had been carried out, introduction of new Ministerial Guidelines, flood risk etc.). Changes in the EPA Code of Practice in relation to Wastewater Treatment and Disposal Systems.
- A **further Extension of Duration Application** may be made if the first was obtained prior to the introduction of the current legislation and if the Further Extension is applied for before the extended permission expires.
- Applicants to note that the Planning Authority will make a decision as expeditiously as possible and will give notice of its decision within 8 weeks. However, should **Further Information or Clarification of Further Information** be first required, it is most important to note that your response must be received **within 4 weeks** of such requirement. The Planning Authority shall not extend the Application if this requirement is not met (as required under the Regulations).

**NOTE:**

These guidelines are designed to assist prior to completing the form however, they do not purport to be a legal interpretation. You are advised to consult the current Planning and Development Acts and regulations made thereunder.



## Treoirlínte maidir le hIarratas a Dhéanamh ar Fhadú Ré an Cheada

- Tá an fhoirm iarratais a bhaineann le **Fadú Ré an Cheada** ar fáil ar ár láithreán gréasáin.
- Is é €62 an Táille Reachtúil is iníoctha (Táille chaighdeánach maidir le gach iarratas)
- Is ceart iarratais a dhéanamh tráth **nach luaithe** ná **tús na bliana deireanaí** de ré an cheada (ach sula dtéann an cead sin in éag).
- Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar an bhforas (1) go bhfuil an fhorbairt **Críochnaithe Nach Mór** nó (2) go raibh **cúinsí de chineál Tráchtála, Eacnamaíochta nó Teicniúla** ann a d'fhág gur beag an méid oibre atá déanta nó nach bhfuil aon obair déanta.
- Moltar d'iarratasóirí **dul i gcomhairle leis an bPleanálaí Ceantair** sula dtaisctear an t-iarratas. (D'fhéadfadh sé go bhfuil saincheisteanna nua tagtha chun cinn ón tráth a deonaíodh an cead, mar shampla, athruithe sa Phlean Forbartha nó sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, an ndearnadh EIAR nó AA (nó iad araon) má bhí gá leo, Treoirlínte Aireachta nua a thabhairt isteach, riosca tuilithe etc.). Athruithe ar Chód Cleachtas an EPA i ndáil le Cóireáil agus Córais Diúscartha Dramhuisce.
- Is féidir **Iarratas ar Ré a Fhadú Tuilleadh** a dhéanamh má fuarthas an chéad cheann sular tugadh isteach an reachtaíocht reatha agus más roimh dheireadh an cheada fhadaíthe a dhéantar iarratas ar Chead a Fhadú Tuilleadh.
- Is ceart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála cinneadh a luaithe is féidir agus go dtabharfar fógra faoina chinneadh laistigh de 8 seachtaire. Ach, i gcás ina ndéantar **Tuilleadh Faisnéise nó Soiléiriú ar Thuilleadh Faisnéise** a éileamh ar dtús, tá sé thar a bheith tábhachtach duit a thabhairt do d'aire nach mór an freagra ina leith sin a fháil **laistigh de 4 seachtaire** ón tráth a élítear an fhaisnéis nó an soiléiriú sin. Ní dhéanfaidh an tÚdarás Pleanála an tiarratas a fhadú mura gcomhlíontar an ceanglas sin (de réir mar a cheanglaítear faoi na Rialacháin).

### **NÓTA:**

Tá na treoirlínte seo ceaptha chun cabhrú le daoine sula gcomhlánaíonn siad an fhoirm ach ní léiriú dlíthiúil iad. Moltar duit na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus na rialacháin atá déanta fúthu a léamh.